Polasaí um Dhínit san Áit Oibre, Scoil Éinne

Tá an polasaí ceaptha i bhfianaise Chóid Chleachtais an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais S.I. Uimh.17/2002 agus S.I. 208/2012 le dul i ngleic le bulaíocht san ionad oibre agus le ciapadh/ciapadh gnéasach faoi seach, mar aon le Cód Cleachtais an Údaráis Sláinte & Sábháilteachta (2007) maidir le bulaíocht ag an obair a chosc agus a réiteach.

Prionsabail an Pholasaí seo
Tá an scoil seo tiomanta do thimpeallacht dhearfach oibre ina ndéantar obair in atmaisféar le meas, comhoibriú, oscailteacht agus comhionannas.

Ní ghlacfaidh an scoil seo le bulaíocht ná ciapadh ar dhaoine fásta. Tá sé de cheart ag gach fostaí go gcaitear leo le dínit agus le meas. Tá an fhoireann bainistíochta tiomanta d'idirghabháil a dhéanamh ar bhealach cuí, ag baint úsáide as ceann de na nósanna imeachta Bainistíochta/INTO a nglactar leis - le líomhaintí bulaíochta nó ciapadh a imscrúdú agus le déileáil leo. Beidh feidhm ag forálacha Chiorcláin 61/2017 agus 62/2017 ón ROS maidir le hionsaí múinteoirí agus CRS, de réir mar is cuí.

Baineann an polasaí seo le gach ball foirne atá fostaithe ag an mBord Bainistíochta. Beifear ag súil go mbeidh chuile dhuine ag obair as lámh a chéile chun an polasaí seo a chur i bhfeidhm.

Aidhmeanna an pholasaí

1. Atmaisféar oibre dearfach a chruthú agus a choinneáil sa scoil.
2. Go mbeadh sé mar cheart ag gach aon bhall oibre a chuid oibre a dhéanamh le dínit.
3. Go bhfuil gach aon bhall oibre soiléir agus ar an eolas faoi na prionsabail atá sa bpolasaí.

Cad is Bulaíocht agus Ciapadh san Áit Oibre ann?
Sainmhíníonn an Bord Bainistíochta bulaíocht aosach mar iompar míchuí arís agus arís eile, bíodh sé díreach nó indíreach, ó bhéal, go fisiciúil nó eile, é á stiúradh ag duine amháin nó ag daoine, i gcoinne duine eile nó daoine eile, ag an áit oibre agus/nó i gcúrsa fostaíochta agus a d'fhéadfaí a mheas le réasún go mbaineann sé an bonn de cheart an duine chun dínit san obair a bheith acu.

D’fhéadfadh eachtra aonair den iompar a bhfuil cur síos air sa sainmhíniú seo a bheith in aghaidh dhínit san ionad oibre ach, mar eachtra aonuaire, ní mheastar gur bulaíocht é.

Príomhthréith de chuid na bulaíochta é go dtarlaíonn sí thar thréimhse ama de ghnáth, gur iompar míchuí rialta agus leanúnach é atá dírithe go sonrach ar fhostaí amháin nó ar ghrúpa fostaithe.

Seo roinnt samplaí den chineál iompair a bhféadfadh bulaíocht a bheith i gceist leo:

- Náire
- Díspreagadh
- Íospairt
- Aonrú
- Ag cur isteach ar phríobháideachas duine
- Bagairt
- Maslaithe ó bhéal
- Tascanna/ sprioc-dhátaí dodhéanta á leagan síos
- Ag déanamh beag is fiú den duine / dá gcuid oibre
- An iomarca maoirseoireachta
- Gan eolas faoi chúrsaí oibre a roinnt

Is éard is ciapadh ann ná aon chineál iompair nach dteastaíonn a bhaineann le haon cheann de na forais seo a leanas a bhfuil d’aidhm nó de thionchar aige dínit duine a shárú agus timpeallacht imeaglaithe, naimhdeach, táireach, náirithe nó maslach a chruthú don duine:

i. Inscne
ii. Stádas sibhialta
iii. Stádas teaghlaigh
iv. Claonadh gnéasach
v. Creideamh reiligiúnach
vi. Aois
vii. Míchumas
viii. Cine, dath, náisiúntacht nó bunús eitneach nó náisiúnta
ix. Ballraíocht den Lucht Siúil

Éagsúlacht amháin idir chiapadh agus bulaíocht ná go bhféadfaidh eachtra amháin a bheith ina chiapadh.

Is éard atá i gceist le gnéaschiapadh ná aon chineál iompair bhriathartha, neamhbhriathartha nó fisiciúil nach dteastaíonn de chineál gnéasach, a bhfuil d'aidhm nó de thionchar aige dínit duine a shárú agus/nó timpeallacht imeaglach, naimhdeach, táireach, náirithe nó maslach a chruthú don duine.

Aithnítear go bhféadfadh gearáin faoi bhulaíocht agus faoi chiapadh teacht chun cinn i measc comhghleacaithe oibre ach go bhféadfadh sé tarlú freisin maidir le cuairteoirí chun na scoile. I gceachtar cás, is é an tiomantas d'ionad oibre dearfach, áit a bhfuil meas ar dhínit san ionad oibre atá i réim.

Timpeallacht dhearfach san Áit Oibre

Aontaítear go n-oibreoimid ar fad le gur áit mhaith oibre í an scoil seo. Tá timpeallacht oibre dhearfach in áit mhaith le bheith ag obair ann leis na saintréithe seo

- Atmaisféar tacúil
- Cumarsáid mhaith agus oscailte (m.sh. trí dheiseanna ag cruinnithe rialta foirne)
- Iompar idirphearsanta cuí
- Comhoibriú
- Plé oscailte agus réiteach coinbhleachta
- Aitheantas, aiseolas agus dearbhú mar is cuí
- Caitheamh go cothrom leis an bhfoireann ar fad (lena n-áirítear córais chothroma roghnúcháin agus arduithe céime de réir nósanna imeachta comhaontaithe)

Tá freagracht ar gach duine páirt a ghlacadh le cur le timpeallacht dhearfach oibre. Maidir leis seo, tá freagracht shoiléir ar dhuine atá ina fhinné nó ina fhéachadóir as imní faoi dhínit ag an obair agus bagairtí air sin a ardú, ar bhealach cuí agus tráthúil.

Áireofar sa Ráiteas Sábháilteachta gealltanas freisin do thimpeallacht dhearfach oibre, i bhfianaise dhualgais an fhostóra, lena n-áirítear an dualgas obair a bhainistiú, gníomhaíochtaí ar bhealach a choiscfidh "iompar nó iompar míchuí" ar bhealach a chuirfeadh sláinte agus sábháilteacht i mbaol.

Dínit San Áit Oibre

Tá sé de cheart ag gach aon bhall oibre go ndéileálfaí leis/léi le meas agus le cúirtéis agus go dtabharfaí tús áite d'indibhidiúlacht gach éinne. Tuigtear go mbeadh tuairimí éagsúla ag baill foirne éagsúla ach níor cheart go gcuirfeadh sé seo isteach ar chaidreamh oibre.

Cuirtear béim ar na tréithe seo san áit oibre:

- Cúirtéis
- Comhoibriú
- Cabhrú
- Ionracas
- Muinín
- Flaithiúlacht
- Cneastacht
- Ceart / Cothrom na Féinne

Caithfear caidrimh oibre a fhorbairt bunaithe ar na tréithe seo:

- Meas ar a chéile
- Leibhéal ard cúirtéise
- Foighid/ Tuiscint
- Dílseacht
- Ionracas

Tionscnóidh foireann bhainistíocht na scoile athbhreithniú ar an bpolasaí seo le cinntiú go mbeidh sé ag teacht leis an gcleachtas is fearr agus na riachtanais is deireanaí.

Is féidir cur síos a dhéanamh go ginearálta ar na gníomhartha atá le déanamh maidir le cur i bhfeidhm an pholasaí seo faoi na cinnteidil seo: Aithint, Measúnú, Straitéisí Forfheidhmithe agus Monatóireacht.

Céard a tharlaíonn má tá líomhain maidir le bulaíocht nó Ciapadh ann?

Gan dochar do cheart an duine chun pé comhairle nó bearta a chinnfidh sé/sí a ghlacadh, tabharfaidh an Bord Bainistíochta aird dháiríre ar aon líomhain maidir le bulaíocht nó ciapadh san ionad oibre.

Tá nósanna imeachta tacúla agus éifeachtacha, de réir na nósanna imeachta atá aontaithe go náisiúnta, i bhfeidhm sa scoil seo. Díreoidh na nósanna imeachta seo chun aghaidh a thabhairt ar líomhaintí agus iad a imscrúdú ar an réiteach is luaithe is féidir, ar aghaidh de réir mar is gá ó chéimeanna neamhfhoirmiúla go dtí céimeanna foirmiúla agus cuirfear béim ar rúndacht.

Tá an Clár Cúnaimh agus Folláine Fostaithe, seirbhís chomhairleoireachta rúnda saor in aisce, ar fáil do mhúinteoirí, do CRSanna agus do bhaill foirne

eile. Is í an uimhir Saorghlao ná 1800 411 057 agus tá sí ar fáil 24 uair sa lá, 365 lá sa bhliain.

Achoimre

Tá dualgas cúraim ar bhainistíocht fostaithe. Mar an gcéanna, tá dualgas cúraim ar fhostaithe i leith a chéile. Féachann an polasaí seo le prionsabail, cleachtais agus nósanna imeachta a leagan amach chun tacú le feidhmiú an dualgais sin sa scoil sin againne.

Le chéile, táimid tiomanta do thimpeallacht oibre a thógáil agus a chothabháil, áit ina bhfuil caidreamh measúil, oscailte agus comhionann mar ghnáthchleachtas ann.

Go hachomair, táimid tiomanta d'áit mhaith shábháilte a bheith againn le bheith ag obair ann, áit a bhfuil meas ar dhínit chuile dhuine.

Ghlac Bord Bainistíochta Scoil Éinne leis an bpolasaí seo ar an 21/11/23 / .

Príomhoide: Pádraigín Ní Lionnáin

Cathaoirleach: Máire Ní Neachtain